I

(Gníomhartha arna mbunú ar Chonarthaí CE/CEFA a bhfuil a bhfoilsiú éigeantach)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (CE) Uimh 78/2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Eanáir 2009

maidir le cineál-cheadú mótarfheithiclí i ndáil le cosaint coisithe agus úsáideoirí soghonta eile bóithre, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/102/CE agus Treoir 2005/66/CE

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 95 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa [1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh [2],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is éard atá sa mhargadh inmheánach limistéar gan teorainneacha inmheánacha ina gcaithfear saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil a áirithiú. Chuige sin tá córas cineál-cheadaithe Comhphobail do mhótarfheithiclí curtha ar bun. Ba cheart na ceanglais theicniúla maidir le cineál-cheadú mótarfheithiclí i ndáil le cosaint coisithe a chomhchuibhiú ionas go seachnófaí ceanglais atá difriúil ó Bhallstát go chéile a ghlacadh agus go n-áiritheofaí feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

(2) Tá an Rialachán seo ar cheann de na hionstraimí rialaitheacha leithleacha i gcomhthéacs an nós imeachta cineál-cheadaithe Comhphobail faoi Threoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear réim maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla leithleacha le haghaidh na bhfeithiclí sin (Treoir Réime) [3]. Chun na haidhmeanna a leagtar amach in aithris 1 den Rialachán seo a bhaint amach, ba cheart Iarscríbhinní I, III, IV, VI agus XI a ghabhann le Treoir 2007/46/CE a leasú.

(3) Is léir ón taithí gur minic a bhí reachtaíocht maidir le mótarfheithiclí lán de mhionsonraí an-teicniúil. Is iomchuí ar an ábhar sin rialachán a ghlacadh seachas treoir d'fhonn neamhréireachtaí idir bearta trasuímh agus reachtaíocht nach bhfuil gá léi sna Ballstáit a sheachaint ós rud é nach mbeidh aon ghá lena thrasuí ina reachtaíocht náisiúnta. Ba cheart, dá bhrí sin, d'fhonn comhréireacht sa réimse seo a áirithiú, an Rialachán seo a chur in ionad Threoir 2003/102/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 i ndáil le cosaint coisithe agus úsáideoirí soghonta eile bóithre roimh imbhualadh le mótarfheithicil agus i gcás imbhuailte le mótarfheithicil [4] agus Threoir 2005/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005 i ndáil le húsáid córas cosanta tosaigh ar mhótarfheithiclí [5] lena soláthraítear ceanglais maidir le suiteáil agus úsáid córas cosanta tosaigh ar fheithiclí agus lena soláthraítear ar an dóigh sin leibhéal cosanta do choisithe. Tuigtear leis sin go n-aisghairfidh Ballstáit reachtaíocht trasuímh na dTreoracha aisghairthe.

---

(1) IO C 211, 19.8.2008, lch. 9.

(2) Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Meitheamh 2008 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 16 Nollaig 2008.

(3) IO L 263, 9.10.2007, lch. 1.

(4) IO L 321, 6.12.2003, lch. 15.

(5) IO L 309, 25.11.2005, lch. 37.

(4) Tá sé léirithe nach bhfuil na ceanglais le haghaidh an dara céim de chur chun feidhme Threoir 2003/102/CE inchomhlíonta. I dtaca leis sin iarradh ar an gCoimisiún le hAirteagal 5 den Treoir sin aon tograí a chur isteach is gá chun na fadhbanna inchomhlíontachta maidir leis na ceanglais sin a shárú agus úsáid a bhaint, b'fhéidir, as córais sábháilteachta ghníomhacha, agus a áirithiú ag an am céanna nach mbeadh aon laghdú ar na leibhéil sábháilteachta a sholáthraítear don úsáideoir soghonta bóithre.

(5) Is léir ó thorthaí staidéir a choimisiúnaigh an Coimisiún gur féidir cosaint coisithe a fheabhsú go mór le teaglaim de bhearta éighníomhacha agus gníomhacha lena gcuirfear leibhéal cosanta níos airde ar fáil ná mar atá ar fáil faoi na forálacha atá ann cheana. Léiríonn an staidéir, go háirithe, go méadófaí go mór an leibhéal cosanta coisithe leis an gcóras sábháilteachta gníomhach "Cúnamh Coscáin" i gcomhcheangal le hathruithe ar na ceanglais sábháilteachta éighníomhacha. Is cuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le suiteáil éigeantach córas Cúnaimh Coscáin i mótarfheithiclí nua. Níor cheart, áfach, go nglacfadh sé sin ionad córas ardleibhéil sábháilteachta éighníomhach ach go gcuirfeadh sé leo.

(6) D'fhéadfadh sé nach mbeidh ar fheithiclí atá feistithe le córais seachanta imbhuailte ceanglais áirithe arna leagan síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh sa mhéid go mbeidh siad ábalta imbhuailtí le coisithe a sheachaint seachas éifeachtaí imbhuailtí den sórt sin a mhaolú. Tar éis measúnú a dhéanamh i dtaobh an ar féidir imbhuailtí le coisithe agus le húsáideoirí soghonta eile bóithre a sheachaint go héifeachtach leis an teicneolaíocht sin, féadfaidh an Coimisiún tograí a thíolacadh lena leasaítear an Rialachán seo chun úsáid córas seachanta imbhuailte a cheadú.

(7) I bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar líon na bhfeithiclí troma atá á n-úsáid ar bhóithre uirbeacha, is cuí go mbeadh feidhm ag forálacha i ndáil le cosaint coisithe ní amháin maidir le feithiclí d'uasmhais nach mó ná 2 500 kg, ach freisin, tar éis idirthréimhse teoranta, maidir le feithiclí i gcatagóir M_1 agus i gcatagóir N_1 atá os cionn na teorann sin.

(8) D'fhonn an chosaint do choisithe a fheabhsú ag an gcéim is luaithe is féidir, ba cheart go mbeidh monaróirí, ar mian leo iarratas a dhéanamh ar chineál-cheadú i gcomhréir leis na ceanglais nua sula mbeidh a gcomhlíonadh éigeantach, ábalta déanamh amhlaidh ar choinníoll go bhfuil na bearta cur chun feidhme is gá i bhfeidhm cheana féin.

(9) Na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart go nglacfaí iad i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún [1].

(10) Ba cheart, go háirithe, go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún forálacha teicniúla a ghlacadh chun na ceanglais tástála agus na bearta cur chun feidhme atá bunaithe ar thorthaí faireacháin a chur i bhfeidhm. Ós rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus gur le haghaidh eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú a cheapfar iad, *inter alia* trína fhorlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha, ní mór iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

(11) D'fhonn trasdul rianúil ó fhorálacha Threoir 2003/102/CE agus Threoir 2005/66/CE go dtí an Rialachán seo a áirithiú, ba cheart cur chun feidhme an Rialacháin seo a chur siar ar feadh tréimhse áirithe tar éis dó teacht i bhfeidhm.

(12) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon an margadh inmheánach a chruthú trí cheanglais theicniúla choiteanna maidir le cosaint coisithe a thabhairt isteach, a bhaint amach go leordhóthanach, agus gur fearr, dá bhrí sin, de bharr a fhairsinge, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. De réir phrionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL 1

ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos leis an Rialachán seo ceanglais maidir le tógáil agus feidhmiú mótarfheithiclí agus córas cosanta tosaigh d'fhonn líon agus déine díobhálacha do choisithe agus d'úsáideoirí soghonta eile bóithre a bhuailtear le tosaigh feithiclí a laghdú agus d'fhonn imbhuailtí den sórt sin a sheachaint.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) mótarfheithiclí i gcatagóir M_1 mar a shainmhínítear í in Airteagal 3(11) de Threoir 2007/46/CE agus i bpointe 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin, faoi réir mhír 2 den Airteagal seo;

(b) mótarfheithiclí i gcatagóir N_1 mar a shainmhínítear í in Airteagal 3(11) de Threoir 2007/46/CE agus i bpointe 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin, faoi réir mhír 2 den Airteagal seo;

[1] IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

(c) córais chosanta tosaigh atá feisithe mar bhuntrealamh ar na feithiclí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) nó a sholáthraítear mar aonaid theicniúla leithleacha atá beartaithe lena bhfeistiú ar fheithiclí den sórt sin.

2. Ní bheidh feidhm ag Roinn 2 ná ag Roinn 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo:

(a) maidir le feithiclí i gcatagóir N_1; agus

(b) maidir le feithiclí i gcatagóir M_1 atá díorthaithe ó fheithiclí i gcatagóir N_1 agus a bhfuil uasmhais os cionn 2 500 kg acu;

i gcás ina mbeidh suíomh "R-phointe" an tiománaí chun tosaigh ar an acastóir tosaigh nó taobh thiar, ar a fhad, de lárlíne thrasnach an acastóra tosaigh, go feadh uasmhéid 1 100 mm.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo:

(1) ciallaíonn "A-philéar" an taca dín is mó chun tosaigh agus is forimeallaí ag síneadh ón bhfonnadh go díon na feithicle;

(2) ciallaíonn "córas Cúnaimh Coscáin" feidhm de chuid an chórais choscáin trína dtuigtear eachtra coscánaithe éigeandála a bheith ann ó thréith a bhaineann le héileamh coscáin an tiománaí agus, faoi na dálaí sin:

(a) a chuidíonn leis an tiománaí an ráta uasta coscánaithe is féidir a bhaint amach, nó

(b) ar leor é chun a chur faoi deara go bhfeidhmíonn ciogal iomlán an Chórais Choscánaithe Frithghlasála;

(3) ciallaíonn "tuairteoir" aon struchtúir tosaigh, íochtair, sheachtracha d'fheithicil, lena n-áirítear feistithe a ghabhann leo, ar struchtúir iad atá beartaithe chun feithicil a chosaint nuair a bhaintear imbhualadh tosaigh íseal-luais le feithicil eile di; ní fholaíonn sé, áfach, aon chóras cosanta tosaigh.

(4) ciallaíonn "córas cosanta tosaigh" struchtúr leithleach nó struchtúir leithleacha, amhail barra buabhaill, nó tuairteoir forlíontach, atá beartaithe, de bhreis ar an mbuntrealamh tuairteora, chun dromchla seachtrach na feithicle a chosaint ó dhamáiste i gcás imbhuailte le réad, seachas struchtúir a bhfuil mais is lú na 0,5 kg acu, nach bhfuil beartaithe ach chun soilse na feithicle a chosaint;

(5) ciallaíonn "uasmhais" an t-uasmhais ualaithe incheadaithe go teicniúil atá sonraithe ag an monaróir de bhun phointe 2.8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2007/46/CE;

(6) ciallaíonn "feithiclí i gcatagóir N_1 atá díorthaithe ó M_1" na feithiclí sin i gcatagóir N_1, ag a bhfuil, chun tosaigh ar na A-philéir, an struchtúr agus an cruth ginearálta céanna atá ag feithicil i gcatagóir M_1 a bhí ann cheana;

(7) ciallaíonn "feithiclí i gcatagóir M_1 atá díorthaithe ó N_1" na feithiclí sin i gcatagóir M_1, ag a bhfuil, ar aghaidh ó na piléir-A, an struchtúr agus an cruth ginearálta céanna atá ag feithicil chatagóir N_1 a bhí ann cheana.

CAIBIDIL II

OIBLEAGÁIDÍ NA MONARÓIRÍ

Airteagal 4

Ceanglais theicniúla

1. I gcomhréir le hAirteagal 9, áiritheoidh monaróirí go bhfuil feithiclí a chuirtear ar an margadh feistithe le córas cineál-cheadaithe Cúnaimh Coscáin i gcomhréir le ceanglais Roinn 4 d'Iarscríbhinn I agus go gcomhlíonann na feithiclí sin ceanglais Chuid 2 nó Chuid 3 d'Iarscríbhinn I.

2. I gcomhréir le hAirteagal 10, áiritheoidh monaróirí go gcomhlíonann córais chosanta tosaigh atá feistithe mar bhuntrealamh ar fheithiclí a chuirtear ar an margadh nó a sholáthraítear mar aonaid theicniúla leithleacha ceanglais Chuid 5 agus Chuid 6 d'Iarscríbhinn I.

3. Déanfaidh monaróirí sonraí iomchuí ar shonraíochtaí agus ar dhálaí tástála na feithicle agus ar an gcóras cosanta thosaigh a sholáthar do na húdaráis formheasa. Áireofar sna sonraí sin faisnéis atá ag teastáil chun feidhmiú aon ghaireas sábháilteachta gníomhach atá suiteáilte san fheithicil a sheiceáil.

4. I gcás córas cosanta tosaigh atá le soláthar mar aonaid theicniúla leithleacha, soláthróidh monaróirí sonraí iomchuí ar shonraíochtaí agus ar dhálaí tástála na gcóras do na húdaráis formheasa.

5. Ní dhéanfar córais chosanta tosaigh, mar aonaid theicniúla leithleacha, a dháileadh, a thairiscint lena ndíol ná a dhíol mura mbeidh liosta cineálacha feithiclí a bhfuil an córas cosanta tosaigh cineál-cheadaithe dóibh, chomh maith le treoracha soiléire cóimeála, in éineacht leo. Beidh saintreoracha sonracha suiteála sna treoracha cóimeála, lena n-áirítear modhanna daingnithe le haghaidh na bhfeithiclí a ndearnadh an t-aonad a fhormheas dóibh, chun go mbeifí in ann na comhpháirteanna arna bhformheas a shuíomh ar an bhfeithicil sin ar dhóigh lena gcomhlíontar forálacha ábhartha Chuid 6 d'Iarscríbhinn I.

6. Glacfaidh an Coimisiún bearta cur chun feidhme lena leagfar síos forálacha teicniúla maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Déanfar na bearta sin, a ceapadh chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, inter alia trína fhorlíonadh, a ghlacadh de réir an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 40(2) de Threoir 2007/46/CE.

Airteagal 5

Iarratas ar chineál-cheadú an CE

1. Déanfaidh an monaróir an doiciméad faisnéise, arna bhunú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II, a chur faoi bhráid an údaráis fhormheasa nuair a dhéantar iarratas ar chineál-cheadú an CE do chineál feithicle maidir le cosaint coisithe.

Déanfaidh an monaróir feithicil atá ionadaíoch don chineál feithicle atá le formheas a chur faoi bhráid na seirbhíse teicniúla atá freagrach as na tástálacha cineál-cheadaithe a sheoladh.

2. Déanfaidh an monaróir an doiciméad faisnéise, arna bhunú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn II, a chur faoi bhráid an údaráis fhormheasa nuair a dhéantar iarratas ar chineál-cheadú an CE do chineál áirithe feithicle maidir lena bheith feistithe le córas cosanta tosaigh.

Déanfaidh an monaróir feithicil atá ionadaíoch don chineál feithicle atá le formheas agus í feistithe le córas cosanta tosaigh a chur faoi bhráid na seirbhíse teicniúla atá freagrach as na tástálacha cineál-cheadaithe a sheoladh. Ar iarraidh ón tseirbhís theicniúil sin, déanfaidh an monaróir comhpháirteanna sonracha nó samplaí d'ábhair a úsáideadh a chur faoi bhráid na seirbhíse sin freisin.

3. Déanfaidh an monaróir an doiciméad faisnéise, arna bhunú i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach i gCuid 3 d'Iarscríbhinn II, a chur faoi bhráid an údaráis fhormheasa nuair a dhéantar iarratas ar chineál-cheadú an CE d'aonad teicniúil leithleach do chineál áirithe córais cosanta tosaigh.

Déanfaidh an monaróir sampla amháin den chineál córais cosanta tosaigh atá le formheas a chur faoi bhráid na seirbhíse teicniúla atá freagrach as na tástálacha cineál-cheadaithe sheoladh. I gcás ina measfaidh an tseirbhís theicniúil sin gur gá é, féadfaidh sí tuilleadh samplaí a iarraidh. Beidh an sampla nó na samplaí marcáilte go soiléir agus go doscriosta le hainm trádála nó le trádmharc an iarratasóra agus leis an tuairisc cineáil. Déanfaidh an monaróir foráil maidir le taispeáint éigeantach iardain mharc chineál-cheadú an CE.

CAIBIDIL III

OIBLEAGÁIDÍ ÚDARÁIS NA MBALLSTÁT

Airteagal 6

Cineál-cheadú an CE a dheonú

1. Má chomhlíontar na forálacha ábhartha, deonóidh an t-údarás formheasa cineál-cheadú an CE agus eiseoidh sé uimhir chineál-cheadaithe i gcomhréir leis an gcóras uimhrithe a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2007/46/CE.

2. Chun críocha Chuid 3 den uimhir chineál-cheadaithe sin, bainfear úsáid as ceann de na litreacha seo a leanas:

(a) Le haghaidh feithiclí a fhormheas maidir le cosaint coisithe:

— "A" má chomhlíonann an fheithicil Roinn 2 d'Iarscríbhinn I;

— "B" má chomhlíonann an fheithicil Roinn 3 d'Iarscríbhinn I.

(b) Le haghaidh feithicil a fhormheas maidir lena feistiú le córas cosanta tosaigh nó chun córas cosanta tosaigh a fhormheas atá le soláthar mar aonad teicniúil leithleach:

— "A" má chomhlíonann an córas cosanta tosaigh Roinn 5 d'Iarscríbhinn I maidir le cur i bhfeidhm phointí 5.1.1.1, 5.1.2.1, 5.2 agus 5.3 de;

— "B" má chomhlíonann an córas cosanta tosaigh Roinn 5 d'Iarscríbhinn I maidir le cur i bhfeidhm phointí 5.1.1.2, 5.1.2.1, 5.2 agus 5.3 de;

— "X" má chomhlíonann an córas cosanta tosaigh Roinn 5 d'Iarscríbhinn I maidir le cur i bhfeidhm phointí 5.1.1.3, 5.1.2.2, 5.2 agus 5.3 de.

3. Ní dhéanfaidh údarás formheasa an uimhir chéanna a shannadh do chineál eile feithicle nó do chineál eile córais cosanta tosaigh.

4. Chun críocha mhír 1, seachadfaidh an t-údarás formheasa deimhniú chineál-cheadú an CE arna bhunú i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) an tsamhail a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn III do chineál feithicle i ndáil le cosaint coisithe;

(b) an tsamhail a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn III do chineál feithicle i ndáil lena feistiú le córas cosanta tosaigh;

(c) an tsamhail a leagtar amach i gCuid 3 d'Iarscríbhinn III do chineál córais cosanta tosaigh atá le soláthar mar aonad teicniúil leithleach.

Airteagal 7

Marc chineál-cheadú an CE

Comhlíonfaidh gach córas cosanta tosaigh a cheadaítear i gcomhréir leis an Rialachán seo faoi chineál-cheadú feithicle i ndáil lena feistiú le córas cosanta tosaigh, nó faoi chineál-cheadú córais chosanta tosaigh atá le soláthar mar aonad teicniúil leithleach, ceanglais an Rialacháin seo agus deonófar marc chineál-cheadú an CE dó, agus taispeánfaidh sé dá bhíthin sin marc chineál-cheadú an CE a bhunaítear i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

Airteagal 8

Modhnuithe ar an gcineál agus leasuithe ar cheaduithe

Aon mhodhnú feithicle chun tosaigh ar na A-philéir nó aon mhodhnú ar an gcóras cosanta tosaigh a dhéanann difear don struchtúr, ar na príomhthoisí, ar ábhair dhromchlaí seachtracha na feithicle, ar na modhanna daingnithe nó ar chóiriú na gcomhpháirteanna inmheánacha nó seachtracha, agus a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheidh aige ar thorthaí na dtástálacha, measfar gur leasú é de bhun Airteagal 13 de Threoir 2007/46/CE agus, ar an ábhar sin, beidh iarratas nua ar chineál-cheadú ag teastáil i ndáil leis.

Airteagal 9

Amchlár lena chur i bhfeidhm ar fheithiclí

1. Le héifeacht ón dáta a leagtar amach sa dara mír d'Airteagal 16, diúltóidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le cosaint coisithe, cineál-cheadú an CE nó cineál-cheadú náisiúnta a dheonú, i leith na gcineálacha nua feithicle seo a leanas:

(a) catagóir M_1 nach gcomhlíonann na forálacha teicniúla a leagtar amach i Roinn 4 d'Iarscríbhinn I;

(b) catagóir M_1 d'uasmhais nach mó ná 2 500 kg nach gcomhlíonann na forálacha teicniúla a leagtar amach i Roinn 2 nó i Roinn 3 d'Iarscríbhinn I;

(c) catagóir N_1 atá díorthaithe ó M_1, d'uasmhais nach mó ná 2 500 kg, nach gcomhlíonann na forálacha teicniúla a leagtar amach i Roinn 2 agus i Roinn 4 ná i Roinn 3 agus i Roinn 4 d'Iarscríbhinn I.

2. Le héifeacht ón 24 Feabhra 2011, measfaidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le cosaint coisithe, nach mbeidh na deimhnithe comhréireachta bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 26 de Threoir 2007/46/CE, agus cuirfidh siad toirmeasc ar chlárú, ar dhíol agus ar chur i seirbhís na bhfeithiclí nua seo a leanas nach gcomhlíonann na forálacha teicniúla a leagtar amach i Roinn 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo:

(a) feithiclí i gcatagóir M_1;

(b) feithiclí i gcatagóir N_1 agus atá díorthaithe ó M_1, d'uasmhais nach mó ná 2 500 kg.

3. Le héifeacht ón 24 Feabhra 2013, diúltóidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le cosaint coisithe, cineál-cheadú an CE nó cineál-cheadú náisiúnta a dheonú, i leith na gcineálacha nua feithicle seo a leanas:

(a) catagóir M_1 d'uasmhais nach mó ná 2 500 kg, nach gcomhlíonann na forálacha teicniúla a leagtar amach i Roinn 3 d'Iarscríbhinn I;

(b) catagóir N_1 atá díorthaithe ó M_1 d'uasmhais nach mó ná 2 500 kg, nach gcomhlíonann na forálacha teicniúla a leagtar amach i Roinn 3 d'Iarscríbhinn I.

4. Le héifeacht ón 31 Nollaig 2012, measfaidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le cosaint coisithe, nach mbeidh na deimhnithe comhréireachta bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 26 de Threoir 2007/46/CE, agus cuirfidh siad toirmeasc ar chlárú, ar dhíol agus ar chur i seirbhís na bhfeithiclí nua seo a leanas nach gcomhlíonann na forálacha teicniúla a leagtar amach i Roinn 2 nó i Roinn 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo:

(a) feithiclí i gcatagóir M_1, d'uasmhais nach mó ná 2 500 kg;

(b) feithiclí i gcatagóir N_1 atá díorthaithe ó M_1 d'uasmhais nach mó ná 2 500 kg.

5. Le héifeacht ón 24 Feabhra 2015, diúltóidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le cosaint coisithe, cineál-cheadú an CE nó cineál-cheadú náisiúnta a dheonú, i leith na gcineálacha nua feithicle seo a leanas:

(a) catagóir M_1 d'uasmhais is mó ná 2 500 kg, nach gcomhlíonann na forálacha teicniúla a leagtar amach i Roinn 3 d'Iarscríbhinn I;

(b) catagóir N_1 nach gcomhlíonann na forálacha teicniúla a leagtar amach i Roinn 3 agus i Roinn 4 d'Iarscríbhinn I.

6. Le héifeacht ón 24 Lúnasa 2015, measfaidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le cosaint coisithe, nach mbeidh na deimhnithe comhréireachta bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 26 de Threoir 2007/46/CE, agus cuirfidh siad toirmeasc ar chlárú, ar dhíol agus ar chur i seirbhís feithiclí nua i gcatagóir N_1 nach gcomhlíonann na forálacha teicniúla a leagtar amach i Roinn 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

7. Le héifeacht ón 24 Feabhra 2018, measfaidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le cosaint coisithe, nach mbeidh na deimhnithe comhréireachta bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 26 de Threoir 2007/46/CE, agus cuirfidh siad toirmeasc ar chlárú, ar dhíol agus ar chur i seirbhís na bhfeithiclí nua seo a leanas:

(a) catagóir M_1, d'uasmhais nach mó ná 2 500 kg nach gcomhlíonann na forálacha teicniúla a leagtar amach i Roinn 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) feithiclí i gcatagóir N_1 atá díorthaithe ó M_1 d'uasmhais nach mó ná 2 500 kg, nach gcomhlíonann na forálacha teicniúla a leagtar amach i Roinn 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

8. Le héifeacht ón 24 Lúnasa 2019, measfaidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le cosaint coisithe, nach mbeidh na deimhnithe chomhréireachta bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 26 de Threoir 2007/46/CE, agus cuirfidh siad toirmeasc ar chlárú, ar dhíol agus ar chur i seirbhís na bhfeithiclí nua seo a leanas:

(a) catagóir M_1 d'uasmhais is mó ná 2 500 kg nach gcomhlíonann na forálacha teicniúla a leagtar amach i Roinn 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) catagóir N_1 nach gcomhlíonann na forálacha teicniúla a leagtar amach i Roinn 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

9. Gan dochar do mhíreanna 1 go 8 den Airteagal seo agus faoi réir theacht i bhfeidhm na mbeart arna nglacadh de bhun Airteagal 4(6), arna iarraidh sin do mhonaróir, ní dhiúltóidh na húdaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le cosaint coisithe, cineál-cheadú an CE nó cineál-cheadú náisiúnta a dheonú le haghaidh cineáil nua feithicle ná ní chuirfidh siad toirmeasc ar chlárú, ar dhíol ná ar chur i seirbhís feithicle nua, i gcás ina gcomhlíonann an fheithicil lena mbaineann na forálacha teicniúla a leagtar amach i Roinn 3 agus i Roinn 4 d'Iarscríbhinn I.

Airteagal 10

Cur i bhfeidhm ar chórais chosanta tosaigh

1. Diúltóidh údaráis náisiúnta cineál-cheadú an CE nó cineál-cheadú náisiúnta a dheonú i ndáil le cineál nua feithicle i ndáil lena feistiú le córas cosanta tosaigh, nó diúltóidh siad cineál-cheadú an CE d'aonad teicniúil leithleach a dheonú i ndáil le cineál nua córais cosanta tosaigh, ar córais iad nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i Roinn 5 agus i Roinn 6 d'Iarscríbhinn I.

2. Measfaidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann le córais chosanta tosaigh, nach mbeidh deimhnithe comhréireachta bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 26 de Threoir 2007/46/CE agus cuirfidh siad toirmeasc ar chlárú, ar dhíol agus ar chur i seirbhís feithiclí nua nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i Roinn 5 agus i Roinn 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i Roinn 5 agus i Roinn 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo maidir le córais chosanta tosaigh a sholáthraítear mar aonaid theicniúla leithleacha chun críocha Airteagal 28 de Threoir 2007/46/CE.

Airteagal 11

Córais Seachanta Imbhuailte

1. Tar éis measúnú ón gCoimisiún, féadfaidh sé nach mbeidh ar fheithiclí atá feistithe le córais seachanta imbhuailte na ceanglais tástála arna leagan síos i Roinn 2 agus i Roinn 3 d'Iarscríbhinn I a chomhlíonadh chun cineál-cheadú an CE nó chun cineál-cheadú náisiúnta a fháil le haghaidh cineáil feithicle maidir le cosaint coisithe, nó maidir le díol, le clárú nó le cur i seirbhís.

2. Tíolacfaidh an Coimisiún an measúnú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle agus beidh tograí lena leasaítear an Rialachán seo ag gabháil leis más iomchuí.

Áiritheofar le haon bhearta a mholfar leibhéil cosanta is comhionann ar a laghad, i dtéarmaí a n-éifeachtachta iarbhír, leis na cinn a sholáthraítear le Roinn 2 agus le Roinn 3 d'Iarscríbhinn I.

Airteagal 12

Faireachán

1. Soláthróidh na húdaráis náisiúnta torthaí an fhaireacháin dá dtagraítear i bpointe 2.2, i bpointe 2.4 agus i bpointe 3.2 d'Iarscríbhinn I don Choimisiún ar bhonn bliantúil agus ar a dhéanaí faoin 28 Feabhra den bhliain tar éis na bliana a gheofar iad.

Scoirfidh an ceanglas na torthaí sin a sholáthar d'fheidhm a bheith aige ón 24 Feabhra 2014.

2. Féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn thorthaí an fhaireacháin arna chur i gcrích faoi phointe 2.2, faoi phointe 2.4 agus faoi phointe 3.2 d'Iarscríbhinn I, bearta cur chun feidhme a ghlacadh mar is iomchuí.

Déanfar na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, *inter alia* trína fhorlíonadh, a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 40(2) de Threoir 2007/46/CE.

3. Déanfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó ar bhonn faisnéise ábhartha a bheidh curtha in iúl ag na húdaráis formheasa agus ag páirtithe leasmhara agus ar bhonn staidéar neamhspleách, faireachán ar fhorbairtí teicniúla i réimse ceanglas feabhsaithe sábháilteachta éighníomhach, i réimse Cúnaimh Coscáin agus i réimse teicneolaíochtaí sábháilteachta gníomhacha eile a d'fhéadfadh cosaint feabhsaithe a thabhairt d'úsáideoirí soghonta bóithre.

4. Faoin 24 Feabhra 2014, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar indéantacht agus cur i bhfeidhm aon cheanglas feabhsaithe sábháilteachta éighníomhach. Déanfaidh sé athbhreithniú ar fheidhmiú an Rialacháin seo maidir le húsáid agus le héifeachtacht Cúnaimh Choscáin agus teicneolaíochtaí eile sábháilteachta gníomhacha eile.

5. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle agus beidh tograí ar an ábhar ag gabháil léi de réir mar is iomchuí.

Airteagal 13

Pionóis

1. Leagfaidh na Ballstáit síos na forálacha maidir le pionóis atá infheidhme mar gheall ar shárú fhorálacha an Rialacháin seo ag monaróirí agus glacfaidh siad na bearta uile is gá d'fhonn a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún i ndáil leis na forálacha sin faoin 24 Lúnasa 2010 agus tabharfaidh siad fógra dó gan mhoill i ndáil le haon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

2. Áireofar an méid seo a leanas, ar a laghad, ar na cineálacha sáruithe atá faoi réir pionóis:

(a) dearbhuithe bréagacha a dhéanamh le linn nósanna imeachta formheasa nó le linn nósanna imeachta as a dtiocfaidh aisghlaoch;

(b) torthaí tástála cineál-cheadaithe a fhalsú;

(c) sonraí nó sonraíochtaí teicniúla as a bhféadfadh aisghlaoch nó tarraingt siar cineál-cheadaithe a theacht, a choimeád siar;

(d) rochtain ar fhaisnéis a dhiúltú.

CAIBIDIL IV

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 14

Leasuithe ar Threoir 2007/46/CE

Déanfar Treoir 2007/46/CE a leasú i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 15

Aisghairm

Aisghairtear Treoir 2003/102/CE agus Treoir 2005/66/CE le héifeacht ón dáta arna leagan amach sa dara mír d'Airteagal 16 den Rialachán seo.

Déanfar tagairtí do na Treoracha aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

Airteagal 16

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 24 Samhain 2009 seachas Airtgeal 4(6) agus Airteagal 9(9) a mbeidh feidhm acu ó lá theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus seachas Airteagal 9(2) go (8), a mbeidh feidhm aige ó na dátaí a leagtar amach san Airteagal sin.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 14 Eanáir 2009.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
H.-G. PÖTTERING

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. VONDRA

LIOSTA IARSCRÍBHINNÍ

Iarscríbhinn I Forálacha teicniúla maidir le tástáil feithiclí agus córas cosanta tosaigh

Iarscríbhinn II Doiciméid Faisnéise Samhla atá le soláthar ag an monaróir

Cuid 1 Doiciméad faisnéise a bhaineann le cineál-cheadú CE feithicle maidir le cosaint coisithe

Cuid 2 Doiciméad faisnéise a bhaineann le cineál-cheadú CE feithicle maidir lena feistiú le córas cosanta tosaigh

Cuid 3 Doiciméad faisnéise a bhaineann le cineál-cheadú CE córais cosanta tosaigh atá le soláthar mar aonad teicniúil leithleach

Iarscríbhinn III Deimhnithe Shamhail Chineál-Cheadú an CE

Cuid 1 Deimhniú chineál-cheadú an CE i ndáil le cineál-cheadú feithicle maidir le cosaint coisithe

Cuid 2 Deimhniú chineál-cheadú an CE i ndáil le cineál-cheadú feithicle maidir lena feistiú le córas cosanta tosaigh

Cuid 3 Deimhniú chineál-cheadú an CE i ndáil le cineál-cheadú córais cosanta tosaigh atá le soláthar mar aonad teicniúil leithleach

Iarscríbhinn IV Marc Chineál-Cheadú an CE

Foscríbhinn Sampla de Mharc Chineál-Cheadú an CE

Iarscríbhinn V Leasuithe ar Threoir 2007/46/CE

IARSCRÍBHINN I

Forálacha teicniúla maidir le tástáil feithiclí agus córas cosanta tosaigh

1. Chun críocha na hIarscríbhinne seo beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1.1. Ciallaíonn "ciumhais tosaigh an bhoinéid" tosach an struchtúir uachtair lasmuigh lena n-áirítear an boinéad agus na cliatháin, baill uachtair agus taoibh an cholbha ceannlampa agus aon fhorbhaill eile;

1.2. Ciallaíonn "líne thagartha chiumhais tosaigh an bhoinéid" rian geoiméadrach na bpointí teagmhála idir ciumhais dhíreach 1 000 mm ar fhad agus dromchla tosaigh an bhoinéid, nuair a dhéantar an chiumhais dhíreach, arna coinneáil go comhthreomhar le fadphlána ingearach na feithicle agus arna claonadh ar chúl faoi 50° agus an foirceann íochtair 600 mm os cionn an talaimh, a thrasnáil agus a chur i dteagmháil le ciumhais tosaigh an bhoinéid. I gcás feithiclí a bhfuil dromchla uachtair boinéid acu atá claonta go bunúsach ar uillinn 50° ionas go ndéanann an chiumhais dhíreach teagmháil leanúnach nó ilteagmhálacha seachas pointe teagmhála amháin, cinntear an líne thagartha agus an chiumhais dhíreach claonta ar chúl ar uillinn 40°. I gcás feithiclí de chruth a fhágann gurb é an foirceann íochtair den chiumhais dhíreach a dhéanann an chéad teagmháil, measfar an teagmháil sin a bheith mar líne thagartha chiumhais tosaigh an bhoinéid, ag an suíomh cliathánach sin. I gcás feithiclí de chruth a fhágann gurb é an foirceann uachtair den chiumhais dhíreach a dhéanann an chéad teagmháil, déanfar an rian geoiméadrach d'achar timfhillteach 1 000 mm a úsáid mar líne thagartha chiumhais tosaigh an bhoinéid ag an suíomh cliathánach sin. Measfar gurb é ciumhais uachtair an tuairteora ciumhais tosaigh an bhoinéid chomh maith chun críocha an Rialacháin seo, má tá an chiumhais dhíreach i dteagmháil léi le linn an nós imeachta seo;

1.3. Ciallaíonn "achar timfhillteach 1 000 mm" an rian geoiméadrach a riantar ar an dromchla uachtair tosaigh ag foirceann amháin de théip sholúbtha 1 000 mm ar fhad, nuair a chuirtear é i bplána ingearach fad feithicle agus go ndéantar tosach thuairteoir an bhoinéid agus an córas cosanta tosaigh a thrasnáil léi. Déanfar an téip a choimeád teann le linn na hoibríochta ar fad agus foirceann amháin i dteagmháil le leibhéal tagartha an talaimh, agus í go hingearach faoi aghaidh thosaigh an tuairteora agus an foirceann eile i dteagmháil leis an dromchla uachtair tosaigh. Tá an fheithicil suite sa ghnáthstaidiúir thiomána;

1.4. ciallaíonn "uachtar an bhoinéid" an struchtúr lasmuigh lena n-áirítear dromchla uachtair na struchtúr lasmuigh go léir seachas an gaothscáth, na A-philéir agus struchtúir ar chúl uathu; áiríonn sé mar sin, ach níl sé teoranta dóibh, an boinéad, na cliatháin, an scutal, fearsaid an chuimilteora agus fráma íochtair an ghaothscátha;

1.5. ciallaíonn "dromchla uachtair tosaigh" an struchtúr lasmuigh lena n-áirítear dromchla uachtair na struchtúr lasmuigh go léir seachas an gaothscáth, na A-philéir agus struchtúir ar chúl uathu;

1.6. ciallaíonn "leibhéal tagartha an talaimh" an plána cliathánach atá comhthreomhar le leibhéal an talaimh, a fhreagraíonn do leibhéal an talaimh d'fheithicil atá stoptha ar dhromchla réidh agus an coscán láimhe curtha i ngreim, agus an fheithicil sa ghnáthstaidiúir thiomána;

1.7. Ciallaíonn "gnáthstaidiúir thiomána" staidiúir na feithicle in ord reatha agus í suite ar an talamh, agus na boinn teannta go dtí na brúnna molta, na rothaí tosaigh sa suíomh díreach ar aghaidh, mar aon le huastoilleadh na sreabhán go léir is gá le haghaidh oibriú na feithicle, leis an trealamh caighdeánach go léir mar a sholáthraíonn monaróir na feithicle é, le mais 75 kg curtha i suíochán an tiománaí agus mais 75 kg curtha sa suíochán tosaigh paisinéara, agus an crochadh socraithe le haghaidh luas tiomána 40 km/u nó 35km/u i ngnáthdhálaí reatha atá sonraithe ag an monaróir (go háirithe le haghaidh feithiclí ag a bhfuil crochadh gníomhach nó gléas leibhéalta uathoibríoch);

1.8. ciallaíonn "gaothscáth" gloiniú tosaigh na feithicle a chomhlíonann na ceanglais ábhartha go léir d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 77/649/CEE ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 1977 faoi chomhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le réimse radhairc tiománaithe mótarfheithiclí ([1]);

1.9. ciallaíonn "Critéar Feidhmíochta Cloiginn (CFC)" ríomh, thar thréimhse shonraithe ama, ar an uas-luasghéarú a tharlaíonn le linn an imbhuailte. Déanfar é a ríomh ó thoradh tuairiscí ama méadair luasghéaraithe mar uasmhéid (ag brath ar t_1 agus t_2) na cothromóide:

$$HPC = \left[\frac{1}{t_2 - t_1} \int_{t_1}^{t_2} a \, dt \right]^{2,5} (t_2 - t_1)$$

San fhoirmle sin, is é "a" an toradh luasghéaraithe mar iolrach ar "g" agus is iad t_1 agus t_2 an dá mheandar ama (arna sloinneadh i soicindí) le linn an imbhuailte, lena sainmhínítear tús agus deireadh an taifeadta a bhfuil luach an CFC mar uasmhéid dóibh. Chun an t-uasluach a ríomh, déantar neamhshuim de luachanna CFC a bhfuil an t-eatramh ama ($t_1 - t_2$) ina leith níos mó na 15 ms;

([1]) IO L 267, 19.10.1977, lch. 1.

1.10. ciallaíonn "ga cuaire" ga stua ciorcail a thagann is gaire do chruth cruinn na comhpháirte atá faoi bhreithniú;

2. Ceanglaítear na tástálacha seo a leanas a dhéanamh ar fheithiclí:

2.1. Cruth na coise i gcoinne an Tuairteora.

Ceanglaítear ceann amháin de na tástálacha seo a leanas a dhéanamh:

(a) Cruth na coise íochtair i gcoinne an tuairteora:

Déantar an tástáil ar luas imbhuailte 40 km/u. Ní rachaidh uasuillinn dhinimiciúil lúbadh na glúine thar 21,0°, ní rachaidh dí-áitiú uasta dinimiciúil fhiaradh na glúine thar 6,0 mm, agus ní rachaidh an luasghéarú arna thomhas ag foirceann uachtair na tibia thar 200 g.

(b) Cruth na coise uachtair i gcoinne an tuairteora:

Déantar an tástáil ar luas imbhuailte 40 km/u. Ní rachaidh suim mheandarach na bhfórsaí imbhuailte i ndáil le ham thar 7,5 kN agus ní rachaidh an mhóimint lúbthachta ar an imbhuailteor tástála thar 510 Nm.

2.2. Cruth na coise uachtair i gcoinne chiumhais tosaigh an bhoinéid:

Déantar an tástáil ar luas imbhuailte suas go 40 km/u. Ní ceart go rachadh suim mheandarach na bhfórsaí imbhuailte i ndáil le luas thar sprioc féideartha 5,0 kN agus déanfar an mhóimint lúbthachta ar an imbhuailteor tástála a thaifeadadh agus a chur i gcomparáid leis an sprioc féideartha 300 Nm.

Cuirfear an tástáil seo i gcrích chun críocha faireacháin amháin agus déanfar na torthaí a thaifeadadh go hiomlán.

2.3. Cruth cloigeann Linbh/Aosaigh Bhig i gcoinne bharr an bhoinéid:

Déantar an tástáil ar luas imbhuailte 35 km/u agus úsáid á baint as imbhuailteoir tástála 3,5 kg. Ní rachaidh an CFC thar 1 000 os cionn 2/3 de limistéar tástála an bhoinéid agus 2 000 don 1/3 atá fágtha de limistéar tástála an bhoinéid.

2.4. Cruth cloigeann aosaigh i gcoinne na gaothscátha:

Déantar an tástáil ar luas imbhuailte 35 km/u agus úsáid á baint as imbhuailteoir tástála 4,8 kg. Déanfar an CFC a thaifeadadh agus a chur i gcomparáid leis an sprioc féideartha 1 000.

Cuirfear an tástáil seo i gcrích chun críocha faireacháin amháin agus déanfar na torthaí a thaifeadadh go hiomlán.

3. Ceanglaítear na tástálacha seo a leanas a dhéanamh ar fheithiclí:

3.1. Cruth na coise i gcoinne an Tuairteora.

Ceanglaítear ceann amháin de na tástálacha seo a leanas a dhéanamh:

(a) cruth na coise íochtair i gcoinne an tuairteora:

Déantar an tástáil ar luas imbhuailte 40 km/u. Ní rachaidh uasuillinn dhinimiciúil lúbadh na glúine thar 19,0°, ní rachaidh dí-áitiú uasta dinimiciúil fhiaradh na glúine thar 6,0 mm, agus ní rachaidh an luasghéarú arna thomhas ag foirceann uachtair na tibia thar 170 g.

Ina theannta sin, féadfaidh an monaróir leithid tástála tuairteora suas go 264 mm san iomlán a ainmniú i gcás nach rachaidh an luasghéarú arna thomhas ag foirceann uachtair na tibia thar 250 g.

(b) cruth na coise uachtair i gcoinne an tuairteora:

Déantar an tástáil ar luas imbhuailte 40 km/u. Ní rachaidh suim mheandarach na bhfórsaí imbhuailte i ndáil le ham thar 7,5 kN agus ní rachaidh an mhóimint lúbthachta ar an imbhuailteor tástála thar 510 Nm.

3.2. Cruth na coise uachtair i gcoinne chiumhais tosaigh an bhoinéid:

Déantar an tástáil ar luas imbhuailte suas go 40 km/u. Déanfar suim mheandarach na bhfórsaí imbhuailte i ndáil le ham a chur i gcomparáid le huasmhéid féideartha 5,0 kN agus déanfar an mhóimint lúbthachta ar an imbhuailteoir tástála a chur i gcomparáid le huasmhéid féideartha 300 Nm.

Cuirfear an tástáil seo i gcrích chun críocha faireacháin amháin agus déanfar na torthaí a thaifeadadh go hiomlán.

3.3. Cruth cloigeann Linbh/Aosaigh Bhig i gcoinne bharr an bhoinéid:

Déantar an tástáil ar luas imbhuailte 35 km/u agus úsáid á baint as imbhuailteoir tástála 3,5 kg. Comhlíonfaidh an CFC ceanglais phointe 3.5.

3.4. Cruth cloigeann aosaigh i gcoinne bharr an bhoinéid:

Déantar an tástáil ar luas imbhuailte 35 km/u agus úsáid á baint as imbhuailteoir tástála 4,5 kg. Comhlíonfaidh an CFC ceanglais phointe 3.5.

3.5. Ní rachaidh an CFC a thaifeadtar thar 1 000 os cionn leath limistéar tástála an chrutha cloiginn Linbh agus, ina theannta sin, ní rachaidh sé thar 1 000 os cionn 2/3 den chomhlimistéar tástála do chruth cloiginn Linbh agus Aosaigh. Ní rachaidh an CFC do na limistéir atá fágtha thar 1 700 i gcás an dá chruth cloiginn.

4. Ceanglaítear na tástálacha seo a leanas a dhéanamh ar fheithiclí:

4.1. Tástáil tagartha chun pointe oibríochta an chórais ag a ngníomhachtaíonn an Córas Coscánaithe Frith-ghlais (CCF) a shainaithint.

4.2. Tástáil chun a fhíorú go ndéantar oibríocht an chórais Cúnaimh Coscáin a dhúiseacht i gceart ionas go bhféadfar saintréithe luasmhoillithe uasta indéanta na feithicle a chur i bhfeidhm.

5. Ceanglaítear na tástálacha seo a leanas a dhéanamh ar na córais chosanta tosaigh (CCT):

5.1. Ceanglaítear ceann de na tástálacha seo a leanas maidir le cruth na coise, faoi phointe 5.1.1. nó faoi phointe 5.1.2., a dhéanamh:

5.1.1. Cruth na coise íochtair i gcoinne an CCT:

Déanfar gach tástáil ar luas imbhuailte 40 km/u.

5.1.1.1. I gcás CCT a cheadaítear lena fheistiú ar fheithiclí a chomhlíonann ceanglais Roinn 2 ní rachaidh uasuillinn dhinimiciúil lúbadh na glúine thar 21.0°, ní rachaidh dí-áitiú uasta dinimiciúil fhiaradh na glúine thar 6,0 mm, agus ní rachaidh an luasghéarú arna thomhas ag foirceann uachtair na tibia thar 200 g.

5.1.1.2. I gcás CCT a cheadaítear lena fheistiú ar fheithiclí a chomhlíonann ceanglais Roinn 3 ní rachaidh uasuillinn dhinimiciúil lúbadh na glúine thar 19,0°, ní rachaidh dí-áitiú uasta dinimiciúil fhiaradh na glúine thar 6,0 mm, agus ní rachaidh an luasghéarú arna thomhas ag foirceann uachtair na tibia thar 170 g.

5.1.1.3. I gcás CCT nach gceadaítear lena fheistiú ach ar fheithiclí nach gcomhlíonann Roinn 2 nó Roinn 3, féadfar na ceanglais tástála a leagtar amach i bpointe 5.1.1.3.1 nó i bpointe 5.1.1.3.2 a chur in ionad na gceanglas tástála a leagtar amach i bpointe 5.1.1.1 agus i bpointe 5.1.1.2.

5.1.1.3.1. Ní rachaidh uasuillinn dhinimiciúil lúbadh na glúine thar 24,0°, ní rachaidh dí-áitiú uasta dinimiciúil fhiaradh na glúine thar 7,5 mm, agus ní rachaidh an luasghéarú arna thomhas ag foirceann uachtair na tibia thar 215 g.

5.1.1.3.2. Déanfar péire tástálacha ar an bhfeithicil, ceann a mbeidh CCT feistithe inti, agus an dara ceann nach mbeidh CCT feistithe inti. Déanfar gach péire tástálacha i láithreacha coibhéiseacha mar a chomhaontaítear leis an údarás formheasa ábhartha. Déanfar na luachanna i ndáil le huasuillinn dhinimiciúil lúbadh na glúine, le dí-áitiú uasta dinimiciúil fhiaradh na glúine agus leis an luasghéarú arna thomhas ag foirceann uachtair na tibia a thaifeadadh. I ngach cás, ní rachaidh an luach a thaifeadfar i ndáil leis an bhfeithicil atá feistithe le CCT thar 90 % den luach a thaifeadfar i ndáil leis an bhfeithicil nach bhfuil feistithe le CCT.

5.1.2. Cruth na coise uachtair i gcoinne an CCT:

Déanfar gach tástáil ar luas imbhuailte 40 km/u.

5.1.2.1. Ní rachaidh suim mheandarach na bhfórsaí imbhuailte i ndáil le ham thar 7,5 kN agus ní rachaidh an mhóimint lúbthachta ar an imbhuailteor tástála thar 510 Nm.

5.1.2.2. I gcás CCT nach gceadaítear lena fheistiú ach amháin ar fheithiclí nach gcomhlíonann Roinn 2 ná Roinn 3, féadfar na ceanglais tástála a leagtar amach i bpointe 5.1.2.2.1 nó i bpointe 5.1.2.2.2. a chur in ionad na gceanglas tástála a leagtar amach i bpointe 5.1.2.2.1 agus i bpointe 5.1.2.2.2.

5.1.2.2.1. Ní rachaidh suim mheandarach na bhfórsaí imbhuailte i ndáil le ham thar 9,4 kN agus ní rachaidh an mhóimint lúbthachta ar an imbhuailteor tástála thar 640 Nm.

5.1.2.2.2. Déanfar péire tástálacha ar an bhfeithicil, ceann a bhfuil CCT feistithe inti, agus an dara ceann nach bhfuil CCT feistithe inti. Déanfar gach péire tástálacha i láithreacha coibhéiseacha mar a chomhaontaítear leis an údarás formheasa ábhartha. Déanfar na luachanna i ndáil le suim mheandarach na bhfórsaí imbhuailte agus an mhóimint lúbthachta ar an imbhuailteoir tástála a thaifeadadh. I ngach cás, ní rachaidh an luach a thaifeadfar i ndáil leis an bhfeithicil atá feistithe le CCT thar 90 % den luach a thaifeadfar i ndáil leis an bhfeithicil nach bhfuil feistithe le CCT.

5.2. Cruth na coise uachtair i gcoinne chiumhais tosaigh an CCT

Déantar an tástáil ar luas imbhuailte 40 km/u. Ní ceart go rachadh suim mheandarach na bhfórsaí imbhuailte i ndáil le ham, go dtí barr agus bun an imbhuailteora, thar sprioc féideartha 5,0 kN agus ní ceart go rachadh an mhóimint lúbthachta ar an imbhuailteor tástála thar sprioc féideartha 300 Nm. Déanfar an dá thoradh a thaifeadadh chun críocha faireacháin.

5.3. Cruth cloigeann Linbh/Aosaigh Bhig i gcoinne an CCT

Déantar an tástáil ar luas imbhuailte 35 km/u agus úsáid á baint as imbhuailteoir tástála chruth an cloiginn 3,5 kg le haghaidh linbh/aosaigh bhig. Ní rachaidh CFC, a ríomhtar ó thoradh tuairiscí ama méadair luasghéaraithe, thar 1 000 i ngach cás.

6. Forálacha Tógála agus Suiteála le haghaidh CCT:

6.1. Beidh an fheidhm chéanna ag na ceanglais seo a leanas maidir le CCT atá feistithe i bhfeithiclí nua agus maidir le CCT atá le soláthar mar aonaid theicniúla leithleacha lena bhfeistiú i bhfeithiclí sonraithe.

6.1.1. Déanfar na comhpháirteanna CCT a dhearadh sa chaoi is go mbeidh ga cuaire íosta 5 mm ag na dromchlaí dochta go léir ar féidir leo teagmháil a dhéanamh le sféar 100 mm.

6.1.2. Ní rachaidh mais iomlán an CCT, lena n-áirítear na bracanna agus na feistithe go léir, thar 1,2 % d'uasmhais na feithicle dár dearadh í, faoi réir uasmhéid 18 kg.

6.1.3. Ní rachaidh airde an CCT, nuair a bheidh sé feistithe i bhfeithicil, thar 50 mm os cionn airde líne thagartha chiumhais tosaigh an bhoinéid.

6.1.4. Ní mhéadóidh an CCT leithead na feithicle ina bhfuil sé feistithe. Má tá leithead iomlán an CCT níos mó ná 75 % de leithead na feithicle, déanfar foircinn an CCT a iompú isteach i dtreo an dromchla sheachtraigh chun go n-íoslaghdófar an baol bréanaithe. Meastar an ceanglas seo a bheith arna chomhlíonadh má bhíonn an CCT cuasaithe nó comhtháite laistigh den chabhalra nó má bhíonn foirceann an CCT iompaithe isteach sa chaoi is nach féidir leis teagmháil a dhéanamh le sféar 100 mm agus nach dtéann an bhearna idir foirceann an CCT agus an cabhalra timpeall air thar 20 mm.

6.1.5. Faoi réir phointe 6.1.4, ní rachaidh an bhearna idir comhpháirteanna an CCT agus an dromchla seachtrach íochtair thar 80 mm. Déanfar neamhshuim de neamhleanúnachais logánta in imlíne ghinearálta na cabhlach íochtair (mar shampla oscailtí i ngríleanna, aer-iontógálacha, etc.)

6.1.6. Ag suíomh cliathánach ar bith trasna na feithicle, chun buntáistí thuairteoir na feithicle a chaomhnú, ní rachaidh an fadachar idir an pháirt is mó chun tosaigh den tuairteoir agus an pháirt is mó chun tosaigh den CCT thar 50 mm.

6.1.7. Ní dhéanfaidh an CCT aon laghdú suntasach ar éifeachtacht an tuairteora. Measfar an ceanglas a bheith arna chomhlíonadh mura mbíonn níos mó ná dhá chomhpháirt ingearacha ann agus mura mbíonn comhpháirt chothrománach ar bith den CCT ag forluí ar an tuairteoir.

6.1.8. Ní bheidh an CCT claonta chun tosaigh ar an ingear. Ní shíneoidh páirteanna uachtair an CCT suas nó ar chúl (i dtreo an ghaothscátha) níos faide ná 50 mm ó líne thagartha chiumhais tosaigh bhoinéad na feithicle nuair a bhaintear an CCT di.

6.1.9. Ní chuirfear isteach ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le cineál-cheadú feithiclí trí CCT a fheistiú.

7. De mhaolú ar Roinn 2, ar Roinn 3 agus ar Roinn 5, féadfar go measfaidh an t-údarás formheasa ábhartha a mheas go bhfuil na ceanglais maidir le haon cheann de na tástálacha a leagtar síos sna Ranna sin arna gcomhlíonadh le haon tástáil choibhéiseach a sheoltar faoi cheanglais tástála eile de bhun na hIarscríbhinne seo.

IARSCRÍBHINN II

Doiciméid Faisnéise Samhla atá le soláthar ag an monaróir.

Cuid 1

Doiciméad faisnéise a bhaineann le cineál-cheadú CE feithicle maidir le cosaint coisithe

Cuid 2

Doiciméad faisnéise a bhaineann le cineál-cheadú CE feithicle maidir lena feistiú le córas cosanta tosaigh

Cuid 3

Doiciméad faisnéise a bhaineann le cineál-cheadú CE córais cosanta tosaigh atá le soláthar mar aonad teicniúil leithleach

CUID 1

SAMHAIL

Doiciméad faisnéise Uimh. … a bhaineann le cineál-cheadú CE feithicle maidir le cosaint coisithe

Más infheidhme an fhaisnéis seo a leanas, soláthrófar trí chóip di agus beidh liosta den inneachar san áireamh inti. Déanfar aon líníochtaí a sholáthar de réir scála iomchuí agus iad mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Beidh grianghraif, más ann iad, mionsonraithe go leordhóthanach.

Má tá rialtáin leictreonacha ag na córais, ag comhpháirteanna nó ag aonaid theicniúla leithleacha, ní foláir faisnéis maidir lena bhfeidhmiú a sholáthar.

0. GINEARÁLTA

0.1. Déanamh (trádainm an mhonaróra):

0.2. Cineál:

0.2.1. Ainm(neacha) tráchtála (má tá siad ar fáil):

0.3. Modh sainaitheanta cineáil, má tá sé marcáilte ar an bhfeithicil ([b]) ([1]):

0.3.1. Suíomh na marcála sin:

0.4. Catagóir na feithicle ([c]):

0.5. Ainm agus seoladh an mhonaróra:

0.8. Ainm(neacha) agus seoladh (seoltaí) na monarchan (monarchana) cóimeála:

0.9. Ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra (más ann):

1. SAINTRÉITHE GINEARÁLTA DHÉANMHAS NA FEITHICLE

1.1. Grianghraif agus/nó líníochtaí d'fheithicil ionadaíoch:

1.6. Suíomh agus leagan amach an innill:

9. CABHALRA

9.1. Cineál cabhalra:

9.2. Ábhair a úsáideadh agus modhanna tógála:

9.23. Cosaint coisithe

9.23.1. Déanfar cur síos mionsonraithe na feithicle, lena n-áirítear grianghraif agus/nó líníochtaí, i ndáil leis an struchtúr, leis na toisí, leis na línte tagartha ábhartha agus le comhábhair pháirt tosaigh na feithicle (inmheánach agus seachtrach) a sholáthar. Beidh mionsonraí aon chórais cosanta gníomhaigh atá suiteáilte san áireamh sa chur síos sin.

CUID 2

SAMHAIL

Doiciméad faisnéise Uimh. … a bhaineann le cineál-cheadú CE feithicle maidir lena feistiú le córas cosanta tosaigh

Más infheidhme an fhaisnéis seo a leanas, soláthrófar trí chóip di agus beidh liosta den inneachar san áireamh inti. Déanfar aon líníochtaí a sholáthar de réir scála iomchuí agus iad mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Beidh grianghraif, más ann iad, mionsonraithe go leordhóthanach.

Má úsáidtear sainábhair sna córais, sna comhpháirteanna nó sna haonaid theicniúla leithleacha, caithfear faisnéis maidir lena bhfeidhmiú a sholáthar.

0. GINEARÁLTA

0.1. Déanamh (trádainm an mhonaróra):

0.2. Cineál:

0.2.1. Ainm(neacha) tráchtála (má tá siad ar fáil):

0.3. Modh sainaitheanta cineáil, má tá sé marcáilte ar an bhfeithicil ([b]) ([1]):

0.3.1. Suíomh na marcála sin:

0.4. Catagóir na feithicle ([c]):

0.5. Ainm agus seoladh an mhonaróra:

0.7. Suíomh agus modh greamaithe mharc chineál-cheadú an CE:

0.8. Ainm(neacha) agus seoladh (seoltaí) na monarchan (monarchana) cóimeála:

0.9. Ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra (más ann):

1. SAINTRÉITHE GINEARÁLTA DHÉANMHAS NA FEITHICLE

1.1. Grianghraif agus/nó líníochtaí d'fheithicil ionadaíoch:

2. MAISEANNA AGUS TOISÍ: (i kg agus i mm) (Déan tagairt do líníocht nuair is infheidhme)

2.8. An uasmhais ualaithe incheadaithe go teicniúil arna sonrú ag an monaróir:

2.8.1. Dáileadh na maise sin i measc na n-acastóirí (uas. agus íos.):

9. CABHALRA

9.1. Cineál cabhalra:

9.24. Córas Cosanta Tosaigh

9.24.1. Leagan amach ginearálta (líníochtaí nó grianghraif) lena dtaispeántar suíomh agus ceangal na gcóras cosanta tosaigh:

9.24.2. Líníochtaí agus/nó grianghraif, nuair is ábhartha, de ghríleanna aer-iontógála, gríl radaitheora, cóiriú maisiúil, suathantais, feathail, cuais nó aon starráin agus páirteanna seachtracha eile den dromchla lasmuigh ar féidir breathnú air mar ríthábhachtach (e.g. trealamh soilsiúcháin). Mura mbíonn na páirteanna a liostaítear sa chéad abairt ríthábhachtach, féadfar, chun críocha doiciméadaithe, grianghraif, lena ngabhann mionsonraí toiseacha agus/nó téacs, más gá, a chur ina n-ionad:

9.24.3. Mionsonraí iomlána na bhfeistithe a éilítear agus treoracha iomlána, lena n-áirítear ceanglais chasmhóiminte, don fheistiú:

9.24.4. Líníochtaí tuairteoirí:

9.24.5. Líníocht na líne urláir ag ceann tosaigh na feithicle:

CUID 3

SAMHAIL

Doiciméad faisnéise Uimh. … maidir le cineál-cheadú CE coráis cosanta tosaigh atá le soláthar mar aonad teicniúil leithleach

Más infheidhme an fhaisnéis seo a leanas, soláthrófar trí chóip di agus beidh liosta den inneachar san áireamh inti. Déanfar aon líníochtaí a sholáthar de réir scála iomchuí agus iad mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Beidh grianghraif, más ann, mionsonraithe go leordhóthanach.

Má úsáidtear sainábhair sna córais, sna comhpháirteanna nó sna haonaid theicniúla leithleacha, déanfar faisnéis maidir lena bhfeidhmiú a sholáthar.

0. GINEARÁLTA

0.1. Déanamh (trádainm an mhonaróra):

0.2. Cineál:

0.2.1. Ainm(neacha) tráchtála (má tá siad ar fáil):

0.5. Ainm agus seoladh an mhonaróra:

0.7. Suíomh agus modh greamaithe mharc chineál-cheadú an CE:

0.8. Ainm(neacha) agus seoladh (seoltaí) na monarchan (monarchana) cóimeála:

0.9. Ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra (más ann):

1. CUR SÍOS AR AN NGLÉAS

1.1. Cur síos teicniúil mionsonraithe (lena n-áirítear grianghraif nó líníochtaí):

1.2. Treoracha cóimeála agus gléasta, lena n-áirítear na casmhóimintí atá ag teastáil:

1.3. Líostú na gcineálacha feithicle inar féidir é a fheistiú:

1.4. Aon srianta ar úsáid agus coinníollacha maidir le feistiú:

([b]) Má tá carachtair nach bhfuil ábhartha chun cur síos a dhéanamh ar an gcineál feithicle, comhpháirte nó aonaid theicniúil leithligh arna gcuimsiú sa doiciméad faisnéise seo sa mhodh sainaitheanta cineáil, déanfar a leithéid de charachtair a léiriú sa doiciméad leis an tsiombail "?" (m.sh. ABC??123??).

([c]) Rangaithe de réir na sainmhínithe a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear réim maidir le formheas mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil leithleach le haghaidh feithiclí dá leithéid (Treoir Réime) (IO L 263, 9.10.2007, lch. 1).

([1]) Scrios murab infheidhme (tá cásanna ann nuair nach bhfuil gá aon rud a scriosadh i gcás ina bhfuil níos mó ná iontráil amháin infheidhme)

IARSCRÍBHINN III

Deimhnithe Shamhail Chineál-cheadú an CE

Cuid 1

Deimhniú chineál-cheadú an CE i ndáil le cineál-cheadú feithicle maidir le cosaint coisithe

Cuid 2

Deimhniú chineál-cheadú an CE i ndáil le cineál-cheadú feithicle maidir lena feistiú le córas cosanta tosaigh

Cuid 3

Deimhniú chineál-cheadú an CE i ndáil le cineál-cheadú córais cosanta tosaigh atá le soláthar mar aonaid theicniúla leithleacha

CUID 1

SAMHAIL

uasfhormáid: A4 (210 × 297 mm

DEIMHNIÚ CHINEÁL-CHEADÚ AN CE

Stampa an Údaráis Chineál-cheadaithe CE

Teachtaireacht maidir le

— Cineál-cheadú an CE (1)

— cineál-cheadú an CE a shíneadh (1)

— cineál-cheadú an CE a dhiúltú (1)

— cineál-cheadú an CE a tharraingt siar (1)

i ndáil le cineál feithicle maidir le cosaint coisithe

maidir le Rialachán (CE) Uimh 78/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Éanair 2009 mar a chuirtear chun feidhme é le …

arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh …/… (2)

Uimhir chineál-cheadú an CE:

An chúis atá leis an sineadh:

ROINN I

0.1. Déanamh (trádainm an mhonaróra):

0.2. Cineál:

0.2.1. Ainm(neacha) tráchtála (má tá siad ar fáil)

0.3. Modh sainaitheanta cineáil, má tá sé marcáilte ar an bhfeithicil (3):

0.3.1. Suíomh na marcála sin:

0.4. Catagóir na feithicle (4):

0.5. Ainm agus seoladh an mhonaróra:

0.8. Ainm(neacha) agus seoladh (seoltaí) na monarchan (monarchana) cóimeála:

0.9. Ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra (más ann):

ROINN II

1. Faisnéis bhreise (nuair is infheidhme) (féach Aguisín)

2. Seirbhís theicniúil atá freagrach as na tástálacha a sheoladh:

3. Dáta na tuarascála tástála:

4. Uimhir na tuarascála tástála:

(1) Scrios murab infheidhme.

(2) Cuir isteach uimhir an Rialacháin leasaithigh.

(3) Má tá carachtair nach bhfuil ábhartha chun tuairisc a thabhairt ar an gcineál feithicle, comhpháirte nó aonaid theicniúil leithligh arna gcuimsiú sa doiciméad faisnéise seo sa mhodh sainaitheanta cineáil, déanfar a leithéid de charachtair a léiriú sa doiciméad leis an tsiombail "?" (m.sh. ABC??123??).

(4) Mar a shainítear i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear réim maidir le formheas mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil leithleach le haghaidh feithiclí dá leithéid (Treoir Réime) (IO L 263, 9.10.2007, lch. 1).

5. Nótaí (más ann iad) (féach Aguisín):

6. Áit:

7. Dáta:

8. Síniú:

Ceangaltáin: Pacáiste faisnéise.

Tuarascáil tástála.

Aguisín a ghabhann le deimhniú chineál-cheadú an CE Uimh … i ndáil le cineál-cheadú feithicle maidir le cosaint coisithe maidir le Rialachán (CE) Uimh 78/2009

1. Faisnéis bhreise

1.1. Tuairisc ghearr ar an gcineál feithicle i ndáil lena struchtúr, lena toisí, lena línte agus lena comhábhair:

1.2. Suíomh an innill: chun tosaigh/chun deiridh/sa lár ([1])

1.3. Tiomáint: roth tosaigh/roth deiridh ([1])

1.4. Mais na feithicle a chuirtear isteach le haghaidh tástála (mar a shainmhínítear i gcomhréir le pointe 1.7 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 78/2009):

— Acastóir tosaigh:

— Acastóir deiridh:

— Iomlán:

1.5. Torthaí tástála de réir cheanglais Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 78/2009

1.5.1. Torthaí tástála Roinn 2:

Tástáil	An luach a taifeadadh		Pas/Teip ([1])
Cruth na coise íochtair i gcoinne an tuairteora: (nuair a dhéantar í)	Uillinn lúbthachta	..... céime-anna	
	Dí-áitiú fiartha	..... mm	
	Luasghéarú ag an tibia	..... g	
Cruth na coise uachtair i gcoinne an tuairteora: (nuair a dhéantar í)	Suim na bhfórsaí imbhuailte	..... kN	
	Móimint lúbthachta	..... Nm	
Cruth na coise uachtair i gcoinne chiumhais tosaigh an bhoinéid:	Suim na bhfórsaí imbhuailte	..... kN	([2])
	Móimint lúbthachta	..... Nm	([2])
Cruth cloigeann Linbh/Aosaigh Bhig (3.5 kg) i gcoinne bharr an bhoinéid:	Luachanna CFC i gCrios A (12 thoradh ([3]))		
	Luachanna CFC i gCrios B (6 thoradh ([3]))		
Cruth cloigeann aosaigh (4,8 kg) i gcoinne an ghaothscátha	Luachanna CFC (5 thoradh ([3]))		([2])

([1]) De réir na luachanna atá sonraithe i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 78/2009

([2]) Chun críocha faireacháin amháin

([3]) De réir [reachtaíocht cur chun feidhme] ón gCoimisiún.

([1]) Scrios murab infheidhme.

1.5.2. Torthaí tástála Roinn 3:

Tástáil	Luach taifeadta		Pas/Teip (1)
Cruth na coise íochtair i gcoinne an tuairteora: (nuair a dhéantar í)	Uillinn lúbthachta	..... céime- ..... anna	
	Dí-áitiú fiartha	.... mm	
	Luasghéarú ag an tibia	.... g	
Cruth na coise uachtair i gcoinne an tuairteora (nuair a dhéantar í)	Suim na bhfórsaí imbhuailte	.... kN	
	Móimint lúbthachta	.... Nm	
Cruth na coise uachtair i gcoinne chiumhais tosaigh an bhoinéid:	Suim na bhfórsaí imbhuailte	.... kN	(2)
	Móimint lúbthachta	.... Nm	(2)
Cruth cloigeann Linbh/Aosaigh Bhig (3,5 kg) i gcoinne bharr an bhoinéid:	Luachanna CFC (9 dtoradh (3))		
Cruth cloigeann Aosaigh (4,5 kg) i gcoinne bharr an bhoinéid:	Luachanna CFC (9 dtoradh (3))		

(1) De réir na luachanna a shonraítear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 78/2009.
(2) Chun críocha faireacháin amháin.
(3) De réir [reachtaíocht cur chun feidhme] ón gCoimisiún.

Nótaí: (e.g., bailí i gcás feithiclí tiomána tuathalaí agus tiomána deisealaí)

1.5.3. Ceanglais Roinn 4:

Mionsonraí córais cúnaimh coscáin arna sholáthar (1).	
Nótaí (2):	

(1) Mionsonraí mhodh oibríochta an chórais a sholáthar.
(2) Mionsonraí tástála a sholáthar chun an córas a fhíorú.

CUID 2:

SAMHAIL

uasfhormáid: A4 (210 × 297 mm)

DEIMHNIÚ CHINEÁL-CHEADÚ AN CE

STAMPA an Údaráis Chineál-cheadaithe CE

Teachtaireacht maidir le

— cineál-cheadú an CE ([1])

— cineál-cheadú an CE a shíneadh ([1])

— cineál-cheadú an CE a dhiúltú ([1])

— cineál-cheadú an CE a tharraingt siar ([1])

i ndáil le cineál feithicle maidir lena feistiú le córas cosanta tosaigh.

maidir le Rialachán (CE) Uimh 78/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Eanáir 2009 mar a chuirtear chun feidhme é le …

arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh …/… ([2])

Uimhir Chineál-cheadú an CE:

An chúis atá leis an síneadh:

ROINN I

0.1. Déanamh (trádainm an mhonaróra):

0.2. Cineál:

0.2.1. Ainm(neacha) tráchtála (má tá siad ar fáil):

0.3. Modh sainaitheanta cineáil, má tá sé marcáilte ar an bhfeithicil ([3]):

0.3.1. Suíomh na marcála sin:

0.4. Catagóir na feithicle ([4]):

0.5. Ainm agus seoladh an mhonaróra:

0.7. Suíomh agus modh greamaithe mharc chineál-cheadú an CE:

0.8. Ainm(neacha) agus seoladh (seoltaí) na monarchan (monarchana) cóimeála:

0.9. Ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra (más ann):

([1]) Scrios murab infheidhme.

([2]) Cuir isteach uimhir an Rialacháin leasaithigh.

([3]) Má tá carachtair nach bhfuil ábhartha chun tuairisc a thabhairt ar an gcineál feithicle, comhpháirte nó aonaid theicniúil leithligh arna gcuimsiú sa doiciméad faisnéise seo sa mhodh sainaitheanta cineáil, déanfar a leithéid de charachtair a léiriú sa doiciméad leis an tsiombail "?" (m.sh. ABC??123??).

([4]) Mar a shainítear i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear réim maidir le formheas mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil leithleach le haghaidh feithiclí dá leithéid (Treoir Réime) (IO L 263, 9.10.2007, lch. 1).

ROINN II

1. Faisnéis bhreise (nuair is infheidhme): Féach Aguisín

2. An tseirbhís theicniúil atá freagrach as na tástálacha a sheoladh:

3. Dáta na tuarascála tástála:

4. Uimhir na tuarascála tástála:

5. Nótaí (más ann): Féach Aguisín

6. Áit:

7. Dáta:

8. Síniú:

Ceangaltáin: Pacáiste faisnéise.
Tuarascáil tástála.

Aguisín a ghabhann le deimhniú chineál-cheadú an CE Uimh. … i ndáil le cineál-cheadú feithicle maidir lena feistiú le córas cosanta tosaigh maidir le Rialachán (CE) Uimh 78/2009

1. Fáisnéis bhreise, más ann:

2. Nótaí:

3. Torthaí tástála de réir cheanglais Roinn 5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 78/2009

Tástáil	An luach a taifeadadh		Pas/Teip
Cruth na coise íochtair i gcoinne an Chórais Chosanta Tosaigh — 3 shuíomh tástála (nuair a dhéantar í)	Uillinn lúbthachta	..... céime-anna	
	Dí-áitiú fiartha	..... mm	
	Luasghéarú ag an tibia	..... g	
Cruth na coise uachtair i gcoinne an Chórais Chosanta Tosaigh — 3 shuíomh tástála (nuair a dhéantar í)	Suim na bhfórsaí imbhuailte	..... kN	
	Móimint lúbthachta	..... Nm	
Cruth na coise uachtair i gcoinne an Chórais Chosanta Tosaigh — 3 shuíomh tástála (monatóireacht amháin)	Suim na bhfórsaí imbhuailte	..... kN	
	Móimint lúbthachta	Nm	
Cruth cloigeann linbh/aosaigh bhig (3,5 kg) i gcoinne an Chórais Chosanta Tosaigh	Luachanna CFC (3 luach ar a laghad)		

CUID 3

SAMHAIL

uasfhormáid: A4 (210 × 297 mm)

DEIMHNIÚ CHINEÁL-CHEADÚ AN CE

STAMPA an Údaráis Chineál-cheadaithe CE

Teachtaireacht maidir le

— cineál-cheadú an CE (1)

— cineál-cheadú an CE a shíneadh (1)

— cineál-cheadú an CE a dhiúltú (1)

— cineál-cheadú an CE a tharraingt siar (1)

i ndáil le cineál córais cosanta tosaigh atá le soláthar mar aonad teicniúil leithleach

maidir le Rialachán (CE) Uimh 78/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Eanáir 2009 ar a chuirtear chun feidhme é le…

arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh …/… (2)

Uimhir Chineál-cheadú an CE:

An chúis atá leis an síneadh:

ROINN I

0.1. Déanamh (trádainm an mhonaróra):

0.2. Cineál:

0.3. Modh sainaitheanta cineáil, má tá sé marcáilte ar an gcóras cosanta tosaigh (3):

0.3.1. Suíomh na marcála sin:

0.5. Ainm agus seoladh an mhonaróra:

0.7. Suíomh agus modh greamaithe mharc cineál-cheadú an CE:

0.8. Ainm(neacha) agus seoladh (seoltaí) na monarchan (monarchana) cóimeála:

0.9. Ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra (más ann)

ROINN II

1. Faisnéis bhreise: Féach Aguisín

2. Seirbhís theicniúil atá freagrach as na tástálacha a sheoladh:

3. Dáta na tuarascála tástála:

(1) Scrios murab infheidhme.

(2) Cuir isteach uimhir an Rialacháin leasaithigh.

(3) Má tá carachtair nach bhfuil ábhartha chun tuairisc a thabhairt ar an gcineál feithicle, comhpháirte nó aonaid theicniúil leithligh arna gcuimsiú sa doiciméad faisnéise seo sa mhodh sainaitheanta cineáil, déanfar a leithéid de charachtair a léiriú sa doiciméad leis an tsiombail "?" (m.sh. ABC??123??).

4. Uimhir na tuarascála tástála:

5. Nótaí (más ann): Féach Aguisín

6. Áit:

7. Dáta:

8. Síniú:

Ceangaltáin: Pacáiste faisnéise.
Tuarascáil tástála.

Aguisín a ghabhann le deimhniú chineál-cheadú an CE Uimh. … i ndáil le cineál-cheadú cineáil córais cosanta tosaigh atá le soláthar mar aonad teicniúil leithleach maidir le Rialachán (CE) Uimh 78/2009

1. Faisnéis bhreise,

1.1. Modh greamaithe:

1.2. Treoracha cóimeála agus gléasta:

1.3. Liosta feithiclí inar féidir an córas cosanta tosaigh a fheistiú, aon srianta úsáide agus coinníollacha riachtanacha maidir le feistiú:

……

2. Nótaí:

3. Torthaí tástála de réir cheanglais Roinn 5 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 78/2009

Tástáil	Luach taifeadta		Pas/Teip
Cruth na coise íochtair i gcoinne an Chórais Chosanta Tosaigh – 3 shuíomh tástála (nuair a dhéantar í)	Uillinn lúbthachta	…… céime-…… anna	
	Dí-áitiú fiartha	…… …… mm	
	Luasghéarú ag an tibia	…… …… g	
Cruth na coise uachtair i gcoinne an Chórais Chosanta Tosaigh – 3 shuíomh tástála (nuair a dhéantar í)	Suim na bhfórsaí imbhuailte	…… …… kN	
	Móimint lúbthachta	…… …… Nm	
Cruth na coise uachtair i gcoinne an Chórais Chosanta Tosaigh – 3 shuíomh tástála (monatóireacht amháin)	Suim na bhfórsaí imbhuailte	…… …… kN	
	Móimint lúbthachta	Nm	
Cruth cloigeann linbh/aosaigh bhig (3,5 kg) i gcoinne an Chórais Chosanta Tosaigh	Luachanna CFC (3 luach ar a laghad)		

IARSCRÍBHINN IV

MARC CHINEÁL-CHEADÚ AN CE

1. Is éard a bheidh sa mharcáil:

1.1. Dronuilleog a thimpeallaíonn an litir "e", cás íochtair, agus, ina dhiaidh sin, sainuimhir nó sainlitir(sainlitreacha) an Bhallstáit a dheonaigh cineál-cheadú an CE

— 1 don Ghearmáin

— 2 don Fhrainc

— 3 don Iodáil

— 4 don Ísiltír

— 5 don tSualainn

— 6 don Bheilg

— 7 don Ungáir

— 8 do Phoblacht na Seice

— 9 don Spáinn

— 11 don Ríocht Aontaithe

— 12 don Ostair

— 13 do Lucsamburg

— 17 don Fhionnlainn

— 18 don Danmhairg

— 19 don Rómáin

— 20 don Pholainn

— 21 don Phortaingéil

— 23 don Ghréig

— 24 d'Éirinn

— 26 don tSlóivéin

— 27 don tSlóvaic

— 29 don Eastóin

— 32 do Laitvia

— 34 don Bhulgáir

— 36 don Liotuáin

— 49 don Chipir

— 50 do Mhálta

1.2. Cóngarach don dronuilleog, "an bhonnuimhir cheadaithe" atá i Roinn 4 den uimhir chineál-cheadaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2007/46/CE agus, roimhe sin, an dá fhigiúr lena léirítear an tsraithuimhir a shanntar don mhórleasú teicniúil is déanaí ar aon Rialachán seo ar an dáta ar deonaíodh cineál-cheadú an CE. Is í 02 an tsraithuimhir don Rialachán seo.

1.3. Na litreacha breise seo a leanas os cionn na dronuilleoige:

1.3.1. Léirítear leis an litir "A" gur formheasadh an córas cosanta tosaigh i gcomhréir le ceanglais phointe 5.1.1.1 d'Iarscríbhinn 1 agus go bhfuil sé oiriúnach lena fheistiú ar fheithiclí a chomhlíonann Roinn 2 d'Iarscríbhinn I.

1.3.2. Léirítear leis an litir "B" gur formheasadh an córas cosanta tosaigh i gcomhréir le ceanglais phointe 5.1.1.2 d'Iarscríbhinn 1 agus go bhfuil sé oiriúnach lena fheistiú ar fheithiclí a chomhlíonann Roinn 3 d'Iarscríbhinn I.

1.3.3. Léirítear leis an litir "X" gur formheasadh an córas cosanta tosaigh faoin gcomaoin, le haghaidh thástáil imbhuailteora chruth na coise, a cheadaítear faoi phointe 5.1.1.3. nó faoi phointe 5.1.2.2 d'Iarscríbhinn I agus nach bhfuil sé oiriúnach lena fheistiú ach amháin ar fheithiclí nach gcomhlíonann Roinn 2 nó Roinn 3 d'Iarscríbhinn I.

1.4. Beidh marc chineál-cheadú an CE inléite go soiléir, doscriosta agus infheicthe go soiléir nuair a shuiteáltar ar an bhfeithicil é.

1.5. Tugtar sampla den mharc formheasa san Aguisín a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

Aguisín

Sampla de Mharc Chineál-cheadú an CE



Is le haghaidh córais cosanta tosaigh a fuair cineál-cheadú sa Ghearmáin (e1) de bhun an Rialacháin seo (02) faoin mbonnuimhir cheadaithe 1471 atá an gléas ar a bhfuil marc chineál-cheadú an CE arna thaispeáint thuas.

Léirítear leis an litir "X" gur formheasadh an córas cosanta tosaigh faoin gcomaoin, le haghaidh thástáil imbhuailteora chruth na coise, a cheadaítear faoi phointe 5.1.1.3. nó faoi phointe 5.1.2.2 d'Iarscríbhinn I.

IARSCRÍBHINN V

Leasuithe ar Threoir 2007/46/CE

Leasaítear Treoir 2007/46/CE leis seo mar a leanas:

(1) In Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 9.24:

"9.24. Córais Chosanta Tosaigh

9.24.1. Leagan amach ginearálta (líníochtaí nó grianghraif) lena dtaispeántar suíomh agus ceangal na gcóras cosanta tosaigh:

9.24.2. Líníochtaí agus/nó grianghraif, más iomchuí, de ghríleanna aer-iontógála, gríl radaitheora, cóiriú maisiúil, suathantais, feathail, cuais agus aon starráin nó páirteanna seachtracha eile den dromchla lasmuigh ar féidir breathnú air mar ríthábhachtach (e.g. trealamh soilsiúcháin). Mura mbíonn na páirteanna atá liostaithe sa chéad abairt ríthábhachtach, féadfar, chun críocha doiciméadaithe, grianghraif, lena ngabhann mionsonraí toiseacha agus/nó téacs, más gá, a chur ina n-ionad.

9.24.3. Mionsonraí iomlána feistithe a éilítear agus treoracha iomlána, lena n-áirítear ceanglais chasmhóiminte don fheistiú:

9.24.4. Líníochtaí de thuairteoirí:

9.24.5. Líníocht den líne urláir ag ceann tosaigh na feithicle:"

(2) In Iarscríbhinn III, Cuid 1, pointe A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 9.24:

"9.24. Córais Chosanta Tosaigh

9.24.1. Leagan amach ginearálta (líníochtaí nó grianghraif) lena dtaispeántar suíomh agus ceangal na gcóras cosanta tosaigh:

9.24.3. Mionsonraí iomlána feistithe a éilítear agus treoracha iomlána, lena n-áirítear ceanglais chasmhóiminte don fheistiú:"

(3) Leasaítear Iarscríbhinn IV leis seo mar a leanas:

(a) I gCuid I:

(i) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Ítim 58

"58. Cosaint coisithe	Rialachán (CE) Uimh. 78/2009	L 35, 4.2.2009, lch. 1	X			X"						

(ii) Scriostar fonóta 7.

(iii) Scriostar Ítim 60.

(b) San Fhoscríbhinn:

(i) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Ítim 58:

"58.	Cosaint coisithe	Rialachán (CE) Uimh. 78/2009	L 35, 4.2.2009, lch. 1	N/A (*)

(*) Comhlíonfaidh aon chóras cosanta tosaigh a sholáthraítear leis an bhfeithicil ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 78/2009, soláthrófar uimhir chineál-cheadaithe dó agus marcálfar é dá réir sin."

(ii) Scriostar Ítim 60.

(4) In Iarscríbhinn VI, leasaítear an Foscríbhinn leis seo mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Ítim 58:

"58.	Cosaint coisithe	Rialachán (CE) Uimh. 78/2009"		

(b) Scriostar Ítim 60.

(5) Leasaítear Iarscríbhinn XI leis seo mar a leanas:

(a) I bhFoscríbhinn 1:

(i) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Ítim 58:

"58.	Cosaint coisithe	Rialachán (CE) Uimh. 78/2009	X	N/A (*)		

(*) Comhlíonfaidh aon chóras cosanta tosaigh a sholáthraítear leis an bhfeithicil ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 78/2009, soláthrófar uimhir chineál-cheadaithe dó agus marcálfar é dá réir sin."

(ii) Scriostar Ítim 60.

(b) I bhFoscríbhinn 2:

(i) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Ítim 58:

"58.	Cosaint coisithe	Rialachán (CE) Uimh. 78/2009	N/A			N/A"						

(ii) Scriostar Ítim 60.

(c) I bhFoscríbhinn 3:

(i) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Ítim 58:

"58.	Cosaint coisithe	Rialachán (CE) Uimh. 78/2009	X"

(ii) Scriostar Ítim 60.

(d) I bhFoscríbhinn 4:

(i) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Ítim 58:

"58.	Cosaint coisithe	Rialachán (CE) Uimh. 78/2009			N/A (*)						

(*) Comhlíonfaidh aon chóras cosanta tosaigh a sholáthraítear leis an bhfeithicil ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 78/2009, soláthrófar uimhir chineál-cheadaithe agus marcálfar é dá réir sin."

(ii) Scriostar Ítim 60.